# Carraigeacha agus ithreacha

Carraigeacha agus ithreacha Comhad fíricí

## Céard is geolaí ann?

Déanann geolaithe staidéar ar an Domhan agus ar an gcaoi ar cruthaíodh é. D'fhéadfaidís breathnú ar an dromchla nó go domhain faoin talamh. Oibríonn geolaithe in go leor tionscail agus eagraíochtaí difriúla, ar nós:

- mianadóireacht agus cairéalú
- innealtóireacht
- ola agus peitriliam
- cosaint an chomhshaoil
- bolcáneolaíocht (staidéar a dhéanamh ar bholcáin)
- seismeolaíocht (staidéar a dhéanamh ar chreathanna talún)
- Suirbhéireacht Gheolaíochta Thuaisceart Éireann.

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta** a theastaíonn:

- Fiosracht faoin domhan mórthimpeall orthu mar go n-úsáidfidh geolaithe léarscáileanna chun taisteal ar fud an domhain, ag caitheamh ama amuigh faoin spéir.
- Breathnú agus taifeadadh a dhéanamh go cúramach ar a dtorthaí chun sonraí cruinne a thabhairt faoina bhfuil sa talamh.



*Seo í Kirstin Lemon. Oibríonn sí ag Suirbhéireacht Gheolaíochta Thuaisceart Éireann, ag cabhrú leis an bpobal tuiscint a fháil ar charraigeacha agus ar thírdhreach Thuaisceart Éireann.*

## Céard is eolaí ithreach ann?

Déanann eolaithe ithreach staidéar ar an ithir faoinár gcosa. Bíonn sé sin tábhachtach in go leor tionscal, ar nós:

- feirmeoireacht
- cosaint an chomhshaoil
- tógáil agus tírdhreachú.

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta** a theastaíonn:

- Spéis sa domhan nádúrtha agus taitneamh a bhaint as a bheith taobh amuigh ag foghlaim faoi ithreacha agus an chaoi a gcabhraíonn siad le plandaí.
- Tástálacha simplí a dhéanamh chun foghlaim faoi chineálacha ithreacha agus a n-úsáidí.



*Seo é Sahil. Is eolaí ithreach é a oibríonn in áiteanna difriúla ar fud na cruinne. Rinne sé staidéar ar an gcaoi a gcabhraíonn plandaí difriúla le hithreacha a fheabhsú i dtíortha tirime.*

## Céard is pailé-ointeolaí ann?

Déanann pailé-ointeolaí staidéar ar iontaisí (iontaisí dineasár ina measc!) chun foghlaim faoi stair na beatha ar Domhan. Oibríonn pailé-ointeolaithe in áiteanna difriúla, ina measc:

- iarsmalanna
- ollscoileanna
- taobh amuigh ag tochailt iontaisí.

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta** a theastaíonn:

- Foighne agus athléimneacht nuair atá úsáid chúramach á baint as uirlisí chun iontaisí a aimsiú agus a nochtadh.
- Breathnú go dlúth trí úsáid a bhaint as sainaithint agus rangú (sórtáil agus grúpáil) chun iontaisí nua a aimsiú agus eolas ar cén dineasár lenar bhain siad.



*Seo é Xu Xing. Is pailé-ointeolaí é a oibríonn sa tSín. D'ainmnigh sé níos mó dineasár ná aon phailé-ointeolaí beo eile.*

*Ar mhaith leat do chuid foghlama faoi charraigeacha agus ithreacha a úsáid nuair a bheidh tú níos sine? B'fhéidir gur mhaith leat a bheith i do gheolaí nó i do phailé-ointeolaí? An bhfuil poist eile ann ina n-úsáidtear foghlaim faoi charraigeacha agus ithreacha?*

ROYAL SOCIETY OF CHEMISTRY